


## An Cosán Draíochta

### Ceist 1


Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi cheoltóirí cáiliúla as Conamara. Dún do shúile agus éist leis an tuairisc den chéad uair. Éist go sonrach leis an gceol. Pléigh na ceistanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén cineál ceoil atá ann?
2. Conas atá an ceol ag tús na míre difriúil ón gceol ag deireadh na míre?
3. Conas a mhothaíonn tú agus tú ag éisteacht leis an gceol?
4. Cad í éirim an scéil?



### Ceist 2

Gan féachaint ar an mír den dara huair fós, pléigh na focail seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?



Anois, féach ar an tuairisc den dara huair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo a leanas:


1. Cé hé Johnny Óg Connolly?
2. Cé hé Johnny Phádraic Phíotair?

3. Cathain a cailleadh athair Johnny Óg?
4. Cén tslí a bhfuil Johnny Óg Connolly ag léiriú measa ar a athair?
5. Cén áit a raibh an cosán draíochta?
6. Cé hé Darach Mac an Iomaire?
7. Cad iad na mothúcháin atá le cloisteáil sa cheol, de réir Johnny Óg Connolly?
8. Cathain a bheidh *An Cosán Draíochta* ar an ardán?

**Ceist 4**

Cuir na focail seo ó **Ceist 2** in abairtí lena mbrí a léiriú:

*saothar*  
*cumadóir*  
*léiriúchán*  
*duine de laochra móra*  
*séimh*  
*cumasach*  
*ómós*  
*taoide (taoille)*  
*coimisiúnú*  
*i gcuimhne ar*  
*airím uaim*  
*spleodar*



Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Ceist 5**

An aidiacht shealbhach

Féach ar na samplaí den aidiacht shealbhach a bhí le cloisteáil sa mhír agus ansin freagair na ceisteanna:

*a athair, a mhuintire, óna mhac, dá athair, m'athair (x 3), mo dhaid*

1. Bain úsáid as na hainmfhocail 'cóta' agus 'aintín' leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach a chur in iúl.
2. Aistrigh na habairtí seo a leanas go Gaeilge:

I'm wearing her gloves.  
Our father is coming soon.  
My brother lives in Dublin.  
Their cat is in our garden.  
Is your homework finished?  
Eat your dinner (plural).

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad is brí le *An Cosán Draíochta*?
2. Cad is brí leis i gcomhthéacs an scéil seo?
3. Cad a thagann chun cuimhne duit féin go pearsanta nuair a smaoiníonn tú ar chosán draíochta?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Cuir an mhír ar siúl uair amháin ach iarr ar na foghlaimeoirí a bheith ag éisteacht léi seachas a bheith ag féachaint uirthi. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán tar éis do na foghlaimeoirí am a chaitheamh iad féin ag plé na gceisteanna.

### Ceist 2

*saothar* – work  
*cumadóir* – composer  
*léiriúchán* – production  
*duine de laochra móra* – one of the great heroes  
*séimh* – gentle  
*cumasach* – able  
*ómós* – homage, respect  
*taoide (taoille)* – tide  
*coimisiúnú* – commissioning  
*i gcuimhne ar* – in memory of  
*airím uaim* – I miss  
*spleodar* – exuberance

### Ceist 3

Féach an Script.

### Ceist 4

Iarr ar na foghlaimeoirí na focail a chur in abairtí. Iarr orthu ansin a n-abairtí a phlé ina mbeirteanna sula bpléifidh tú féin iad os comhair an ranga ar fad.

### Ceist 5

mo chóta (my coat) do chóta (your coat) a chóta (his coat) a cóta (her coat) ár gcótaí (our coats) bhur gcótaí (your, pl, coats) a gcótaí (their coats)	m'aintín (my aunt) d'aintín (your aunt) a aintín (his aunt) a haintín (her aunt) ár n-aintín (our aunt) bhur n-aintín (your, pl, aunt) a n-aintín (their aunt)
---	--

Tá a miotóga á gcaitheamh agam.  
Tá ár n-athair ag teacht gan mhoill.  
Tá mo dheartháir ina chónaí i mBaile Átha Cliath.  
Tá a gcat inár ngairdín.  
An bhfuil d'obair bhaile déanta agat?  
Ithigí bhur ndinnéar.

### Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Máire T. Ní Mhadaoin**

*An Cosán Draíochta*, an saothar nua ceoil ón gceoltóir agus cumadóir, Johnny Óg Connolly, in ómós a athar, Johnny Phádraic Phíotair, a bhásaigh in 2019. Beidh an léiriúchán speisialta seo le feiceáil in ionad nua, Stiúideo Cuan sa Spidéal, i gConamara an tseachtain seo.

**Áine Lally**

Ba as Inis Bearachain, oileán beag i gceantar na n-oileán i gConamara, Johnny Phádraic Phíotair Ó Conghaile, duine de laochra móra an cheoil thraidisiúnta. Ba ann a bhain an fear uasal, séimh agus cumasach sin ceol as míleoidéan a mhuintire an chéad uair riamh. Nuair a bhásaigh Rí an Mhíleoidin, mar a thugtaí air freisin, beagnach dhá bhliain ó shin, theastaigh óna mhac Johnny Óg, ómós a thaispeáint dá athair. Thóg sé os cionn bliana ar Johnny Óg na píosaí ceoil agus léiriúchán *An Cosán Draíochta* a chumadh.

**Johnny Óg Connolly, Ceoltóir agus Cumadóir**

An cosán draíochta – sin an bealach isteach, nuair atá an taoille<sup>1</sup> amuigh, isteach go hInis Bearachain. Agus chum m'athair freisin, chum sé píosa ceoil 'An Cosán Draíochta', agus ní mórán píosaí a chum sé so bhí mé ag iarraidh an píosa céanna, an teideal céanna, a úsáid.

Cailleadh mo dhaid in 2019, deireadh 2019, ach fuair mé glaoch cúpla mí ina dhiaidh sin, i lár *an pandemic*<sup>2</sup> ó Dharach Mac an Iomaire agus bhí sé ag rá – tá an stiúideo nua seo, Stiúideo Cuan agus ba mhaith linn *commissioning*<sup>3</sup> a dhéanamh ort chun píosa ceoil nua a chumadh. Is iontach an smaoineamh domsa agus do Dharach freisin ómós a thaispeáint agus píosa ceoil in onóir agus i gcuimhne ar m'athair. Bheadh súil agam go ndéanfar albam as cinnte.

Airím uaim m'athair go mór, airíonn an chlann ar fad m'athair go mór uathu. So, tá go leor den cheol...tá meascán den uaigneas agus den spleodar freisin.

**Áine Lally**

Beidh *An Cosán Draíochta* ar an ardán i Stiúideo Cuan sa Spidéal gach uile thráthnóna, ag tosú amárach go Dé Domhnaigh.

Áine Lally, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> taoide an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> na paindéime an leagan Gaeilge

<sup>3</sup> coimisiúnú an leagan Gaeilge